An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí




# TIONCHAR COVID-19 AR AN EARNÁIL MHUIRÍ SAN AE


Páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh

EMSA

# CLÁR NA N-ÁBHAR









1. Réamhrá 4
2. Trácht: Cur isteach tosaigh agus normalú 4
3. Tionscal muirí domhanda 6
4. Tionchar trádáil mhuirí san ae: tionchar suntasach ar dtús, castachtaí tráchtearraí agus geografacha, téarnamh láidir 6
5. Tionchar last-táille: luaineacht shuntasach, le tréimhsí de “cur isteach ar an taobh thuas” le haghaidh costas lasta & tuillimh soithí 9
6. Tionchar covid-19 ar bhratach & úinéireacht bhallstát ae: tá na treochtaí fadtéarmacha ag leanúint ar aghaidh 10
7. Tionchar longthógála: béim an ae ar chúrsáil mar bhonn le cur isteach ábhartha 12
8. Cúrsáil & paisinéir: tionchar ar chúrsáil dhomhain & strus airgeadais, tionchar ar fharantóireacht dhomhain ach téarnamh measartha 14
9. Cigireachtaí sábháilteachta agus comhshaoil 15

## 1. RÉAMHRÁ



I ndiaidh ghéarú gan choinne COVID-19 agus an ráig dhomhanda fógraíodh tréimhsí dianghlasála náisiúnta agus diansrianta taistil. Dá bharr sin, bhí tionchar suntasach ag COVID-10 ar loingseoireacht, mar thionscal domhanda, i ngach réimse cosúil le trácht muirí, trádáil, etc. Bhí tionchar aige ar roinnt earnálacha freisin, lena n-áirítear longa paisinéirí agus longa coimeádán agus tancaeir ola.

Táimid fós i lár phaindéim an choróinvíris agus tá cúrsaí ag athrú ó lá go chéile. Níl léir fós cén chuma a bheidh ar an earnáil loingseoireachta i ndiaidh COVID-19, ach d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach agus fadtéarmach ag an bpaindéim. Tá an fhaisnéis agus na huirlisí cuí ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), áfach, chun comparáid a dhéanamh idir na sonraí a bhaineann leis na blianta roimh COVID-19 (2016-2019) agus sonraí 2020 sna réimsí seo a leanas - trácht muirí, sábháilteacht agus truailliú na timpeallachta muirí. Le tacaíocht ó chonraitheoir seachtrach (tairiscint EMSA/NEG/29/2020, a bronnadh ar Clarksons Research) aimsíodh faisnéis faoi mhéideanna agus cineál trádála, lasta lastais, agus innéacsanna agus táscairí airgeadais eile a bhaineann le loingseoireacht (agus dá bharr sin, an tionchar airgeadais ar earnáil iompair mhuirí an AE trí chéile).


Dá thoradh sin, tiomsaíodh sonraí a bhain le tionchar na paindéime ar loingseoireacht. Beidh lucht ceaptha beartas in ann na sonraí a úsáid mar uirlis thacaíochta nuair a bheidh bearta téarnaimh á sainiú. Tá eolas le fáil sa tuarascáil maidir le AE-28, ag glacadh leis go dtí deireadh 2020, go raibh an Ríocht Aontaithe fós ina ball den AE.



Mura sonraítear, tá na sonraí atá curtha ar fáil sna figiúirí agus táblaí faighte ó chórais ESMA. Tá na sonraí tráchta faighte go príomha ó Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet[1]), agus i gcásanna áirithe tá siad curtha le sonraí LRIT[2] agus MARINFO[3]. Tá faisnéis curtha ar fáil cheana féin ó mhí Iúil 2020 ar shuíomh gréasáin ESMA maidir le tionchar na paindéime ar chuairteanna ar chalafoirt i gcalafoirt an AE.

Rinneadh anailís chabhlaigh ar na longa a bhfuil bratach AE-28 orthu agus a bhfuil a gcuid úinéirí lonnaithe i mBallstáit an AE trí úsáid a bhaint as bunachar sonraí cabhlach dílsithe Clarksons Research. Tá úsáid bainte as an mbunachar sonraí céanna le haghaidh faisnéis trádála agus lasta, longthógáil, deisiúchán agus gníomhaíochtaí áirithe de chuid an tionscail cúrsála.

## 2. TRÁCHT: CUR ISTEACH TOSAIGH AGUS NORMALÚ



Ó tharla iompar idirnáisiúnta a bheith chun tosaigh sa tionscal trádála, agus é a bheith ag brath ar thaisteal agus ar idirghníomhaíocht dhaonna, bhí tionchar díreach agus indíreach ag ráig COVID-19 ar an tionscal loingseoireachta.

Bhí an tréimhse idir 2016 agus 2019 réasúnta cobhsaí agus níor tugadh mórán éagsúlachtaí faoi deara. In 2020, áfach, bhí an líon cuairteanna ar long sa chéad ráithe den bhliain cosúil le figiúirí 2019, ach taifeadadh laghdú suntasach sa dara ráithe den bhliain (26.5%). Thosaigh an dara ráithe go luath i ndiaidh don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a fhógairt gur paindéim ba ea ráig COVID-19 (an 12 Márta 2020). Sa tríú ráithe de 2020, tugadh laghdú de 9.1% faoi deara i gcomparáid le 2019, ach bhí an cheathrú ráithe de 2020 an-chosúil le 2019 (laghdú de 1.1%).

---


1 Treoir 2002/59/CE maidir le Faireachán um Thrácht Soithí

2 Córas Aitheantais agus Rianaithe Fadraoin

3 Bunachar sonraí EMSA (an fhaisnéis ceannaithe ó sholáthraithe tráchtála)

Trí fhéachaint ar líon na gcuairteanna ar long de réir an chineáil loinge, tugadh laghdú faoi deara sa líon cuairteanna ar long idir 2019 agus 2020 le haghaidh gach cineál loinge. Is iad na cineálacha loinge inar tugadh an laghdú is mó i dtrácht loinge faoi deara in 2020 na longa cúrsála, longa paisinéirí agus iompróirí feithiclí, agus tugadh laghduithe de 85.8%, 39% agus 22.1% faoi seach faoi deara. San am céanna, níor tugadh ach laghdú beag faoi deara sa líon cuairteanna ar long a bhain le bulciompróirí, tancaeir ceimiceán, longa coimeádán, soithí ginearálta lastais, tancaeir gáis leachtaithe, tancaeir ola, lastlonga ropax agus róró (suas go dtí 5%).

Tugadh laghdú sa líon cuairteanna ar longa de bhreis is 20% idir 2019 agus 2020 faoi deara in An Chróit, An Fhrainc, An Íoslainn agus An Spáinn, rud a chiallaigh gurb iad seo na tíortha ina raibh an tionchar is suntasaí le tabhairt faoi deara. Baineann an laghdú seo sa líon cuairteanna ar long idir 2019 agus 2020 leis an trácht cúrsála agus long cósta a raibh tionchar suntasach ag an ngéarchéim air.




Fíor 1: An líon cuairteanna ar long tuairiscithe do SSN idir 2016 agus 2020 de réir ráithe na bliana.

Mhéadaigh líon iomlán na gcuairteanna a rinne soithí a bhfuil bratach de chuid Ballstáit an AE orthu gach bliain idir 2016 agus 2019. In 2020, áfach, laghdaigh figiúr na gcuairteanna iomlána 3.5% i gcomparáid le 2019, agus laghdaigh an t-olltonnáiste gaolmhar foriomlán 11.1%. Cuireadh tús le laghdú suntasach sa dara ráithe de 2020, mar thionchar de ghéarú na ráige COVID-19 ar fud na hEorpa a chiallaigh go mb'éigean do go leor Ballstát AE bearta dianghlasála a chur i bhfeidhm.

Sa tríú agus sa cheathrú ráithe de 2020, áfach, bhí an chuma ar an scéal go raibh an treocht seo níos cobhsaí, agus bhí éagsúlachtaí cineál diúltach (e.g. i R3) agus dearfach (e.g. i R4) le tabhairt faoi deara i gcomparáid leis na tréimhsí céanna in 2019. Tá éagsúlachtaí suntasacha le tabhairt faoi deara in 2020, i gcomparáid le tréimhsí comhionanna in 2019, le haghaidh iompróirí cúrsála agus feithiclí.

Ba í an earnáil chúrsála agus iompar paisinéirí go ginearálta na hearnálacha a raibh an tionchar is suntasaí ag COVID-19 orthu. Bhí tionchar ag COVID-19 ar earnálacha eile freisin, ach go ginearálta, níor cuireadh stop le cúrsaí trádála in earnálacha eile. Tugadh laghdú drámata faoi deara ar dtús sa chéad leath de 2020, ach ina dhiaidh tháinig feabhas ar chúrsaí de réir a chéile. Faoin tráth seo is féidir a rá go bhfuil an earnáil loingseoireachta ag feidhmiú mar a bhí, seachas na longa cúrsála. Ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí le sárú ag an earnáil loingseoireachta, lean oibríochtaí long tráchtála, calafoirt agus earnálacha iompair mhuirí eile ag feidhmiú – fianaise ar athléimneacht an tionscail – rud a chinntigh go raibh earraí ag gluaiseacht agus fianaise ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an earnáil mhuirí dár slite beatha.





## 3. TIONSCAL MUIRÍ DOMHANDA


Tá ról lárnach ag an tionscal iompair mhuirí dhomhanda i dtrádáil idirnáisiúnta, is modh cost-éifeachtach agus inbhuanaithe é chun toirteanna móra go leor tráchtearraí riachtanacha agus earraí críochnaithe a iompar. In 2020, bhí luach de 11.5 billiún tona agus 1.5t per capita luaite le trádáil mhuiriompair dhomhanda bhliantúil, arb ionann é agus thart ar 88% den trádáil dhomhanda (suas ó 85% in 2019 de bhrí go raibh níos mó tionchair ag paindéim COVID-19 ar mhodhanna iompair eile lena n-áirítear aeriompar, iompar trucaile agus iompar ar iarnród). Tá an AE freagrach as ~20% de thrádáil mhuirí dhomhanda agus tá a thionscail mhuirí réasúnta tearcionadaithe i dtéarmaí longthógála (thart ar 5% d'aschur domhanda ach dírithe ar an earnáil chúrsála), ailínithe go ginearalta i dtéarmaí ionadaíocht brataí stáit (~17%) agus deisiú long (~18% de ghníomhaíocht dhomhanda), agus dea-ionadaithe i dtéarmaí úinéireacht soithí (33%, ag méadú go dtí 39% má chuirtear An Iorua agus An Ríocht Aontaithe san áireamh), trealamh muirí, aicmiú agus airgeadas long.

## 4. TIONCHAR TRÁDÁIL MHUIRÍ SAN AE: TIONCHAR SUNTASACH AR DTÚS, CASTACHTAÍ TRÁCHTEARRAÍ AGUS GEOGRAFACHA, TÉARNAMH LÁIDIR

Bhí tionchar phaindéim COVID-19 mar bhonn le laghdú -3.6% y-o-y in 2020 i dtrádáil mhuirí dhomhanda, ráta cosúil leis an laghdú a tugadh faoi deara in OTI domhanda. Bhí cur isteach ar an ngeilleagar domhanda mar thoradh ar an bpaindéim mar bhonn le laghdú 3.5% ar OTI domhanda i rith 2020 trí chéile (foinse: CAI, Ean 2021), ráta atá cosúil leis an gceithre ráithe i ndiaidh na géarchéime airgeadais dhomhanda (R4 08-R3 09: -2.5%, CAI). Mar thoradh ar thionchar COVID-19 agus an cur isteach gaolmhar ar an ngeilleagar domhanda, sreafaí trádála agus slabhraí soláthair, meastar gur laghdaigh an trádáil mhuirí dhomhanda (i dtonaí) -3.6% i rith 2020 (foinse: Clarksons Research, Feabhra 2021). Tugadh éagsúlacht shuaitheanta faoi deara, áfach, sa ráta laghdaithe i dtráchtearraí muirí, agus b'fhéidir nach raibh an tionchar foriomlán ar an trádáil mhuirí dhomhanda in 2020 chomh diúltach agus a measadh ar dtús (ar mhaithe le comhthéacs, laghdaidh an trádáil mhuirí dhomhanda 4.0% tona in 2009).

Tugadh le fios in anailís a rinneadh ar shonraí custaim tuairiscithe ag Ballstáit an AE in 2019, go raibh 20% (2.4bn tona) de thrádáil mhuirí dhomhanda (11.9bn tona) cothrom le meascán de thoirteanna laistigh den AE agus allmhairí agus onnmhairí idir an AE agus stáit neamh-AE. Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil go dtí mí na Nollag 2020, mí na Nollag san áireamh, meastar gur laghdaigh trádáil mhuirí AE níos suntasaí ná trádáil dhomhanda ag ráta 9.3% i rith 2020, ag comhfhreagairt do 'chaillteanas' de 226 milliún tona de thrádáil. Tugadh an laghdú is suntasaí i dtoirteanna trádála faoi deara i ndáil le hallmhairí isteach san AE ó stáit neamh-

AE, a laghdaigh 12.2% in 2020, agus trádáil laistigh den AE a bhí ina dhiaidh sin ar an liosta (laghdú 7.1% i rith na tréimhse céanna) agus ansin onnmhairí ón AE agus stáit neamh-AE (laghdú 4.3%).




Fíor 2: Achoimre ar Thrádáil Mhuirí AE, tonaí, % y-o-y, meán athraitheach 3-mhí[4]

Tá forléargas le fáil freisin ar an tionchar a bhí ar na bealaí loingseoireachta ón Eoraip go dtí an tSín agus ón Eoraip go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM). Tá an trácht ón tSín go dtí an Eoraip ag laghdú i dtéarmaí an líon cuairteanna ar chalafort ó 2016, agus faoin mbliain 2019 bhí sé laghdaithe -34%. In 2020, mar thoradh ar phaindéim COVID-19 is dóigh, bhí an laghdú seo cothrom le -62% i gcomparáid le 2016. Sa treo aistir mhalartaigh, ón Eoraip chuig an tSín, tá na laghduithe seo cothrom le -26% idir 2016 agus 2019 agus cothrom le -65% idir 2016 agus 2020.

Cuireadh cleachtadh cosúil i gcrích le haghaidh cuairteanna ar chalafort a rinne longa a bhí ag taisteal chuig agus ó SAM, an ceann scríbe is tábhachtaí le haghaidh earraí atá á n-onnmhairiú ag an AE[5]. Tá an líon cuairteanna ar chalafort atá déanta ag longa atá ag trádáil idir an AE agus SAM i bhfad níos ísle i gcomparáid leis na cuairteanna comhionanna ar long idir an AE agus an tSín. Ní gá go dtabharfadh sé seo le fios, áfach, go bhfuil na toirteanna trádáilte, agus go háirithe luach iomlán na n-earraí, níos ísle ná níos airde nuair a dhéantar comparáid le trádáil chuig/ó SAM agus chuig an tSín/ón tSín. Tugadh laghdú -31% faoi deara i gcuairteanna ar chalafort ó longa atá ag taisteal ó SAM chuig an Eoraip idir 2016 agus 2019, agus bhí an laghdú a tugadh faoi deara in 2020 cothrom le -58%. Tá na laghduithe seo níos ionadaíche sa treo malartach, i.e. -55% ón Eoraip chuig SAM idir 2016 agus 2019, agus -70% idir 2016 agus 2020.

Léirítear i mbreis anailíse a dhéantar ar an meálasta easáitithe iomlán a bhain leis na haistir seo treocht laghdaitheach de thonnáiste marbhualaigh (DWT) cosúil leis an treocht a tugadh faoi deara i ndáil leis an líon cuairteanna ar chalafort. Dá réir sin, tugann na sonraí seo le fios go bhfuil malartú díreach earraí trí bhealaí muirí idir an Eoraip agus SAM agus an Eoraip agus an tSín ag laghdú ó 2016, agus tugadh laghdú níos suntasaí faoi deara in 2020.


4 Foinse: Clarksons Research. Bonnsonraí custaim AE suas go dtí agus lena n-áirítear Nollag 2020. Níl An Iorua nó An Íoslainn san áireamh i mbonnsonraí AE-28. Bonnsonraí trádála muirí domhanda foilsithe i dTáscaire Fáis Trádála Muirí Domhanda Míosúil, amhail ag Feab-21

5 http://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/160/a-uniao-europeia-e-os-seus-parceiros-comerciais





## TRÁDÁIL MHUIRÍ LAISTIGH & LASMUIGH DEN AE DE RÉIR AN TRÁCHTEARRA





| | Laistigh den AE 2019 | Laistigh den AE 2020 | y-o-y | Allmhairí 2019 | Allmhairí 2020 | y-o-y | Onnmhairi 2019 | Onnmhairi 2020 | y-o-y |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| OLA | 99.4 | 85.6 | -13.9% | 581 | 495.4 | -14.7% | 125.8 | 97.8 | -22.2% |
| GÁS | 4.3 | 4.3 | 0.6% | 83.8 | 78.2 | -6.70% | 2.3 | 2 | -11.5% |
| CEIMICEÁIN | 35 | 34.3 | -2.10% | 42.3 | 39.9 | -5.70% | 18.2 | 19.3 | 6.00% |
| BULC TIRIM | 191 | 178.7 | -6.50% | 415.1 | 353.8 | -14.8% | 158.2 | 168.4 | 6.40% |
| COIMEÁDÁIN | 215.6 | 204.9 | -5.00% | 166 | 160.1 | -3.60% | 161.5 | 157.4 | -2.50% |
| LASTA CUISNIÚCHÁIN | 39.8 | 38.3 | -3.90% | 29.3 | 29.7 | 1.50% | 19 | 19.9 | 4.90% |
| CARRANNA & FEITHICLÍ | 15.4 | 11.9 | -23.0% | 6.6 | 5.2 | -22.3% | 10.9 | 9.8 | -10.7% |

Fíor 3: Trádáil Mhuirí Laistigh den AE agus Trádáil Mhuirí Sheachtrach (allmhairí agus onnmhairiú) de réir an Tráchtearra, milliún tona[6]

6 Foinse: Clarksons Research. Bonnsonraí custaim AE suas go dtí agus lena n-áirítear Nollag 2020. Níl an Iorua nó an Íoslainn san áireamh i mbonnsonraí AE-28. Meastacháin sonraí trádála muirí domhanda amhail ag Feab-21

## 5. TIONCHAR LAST-TÁILLE: LUAINEACHT SHUNTASACH, LE TRÉIMHSÍ DE "CUR ISTEACH AR AN TAOBH THUAS" LE HAGHAIDH COSTAS LASTA & TUILLIMH SOITHÍ

B'éigean do mhargaí domhanda lastais agus cairte muirí déileáil le luaineacht agus cur isteach suntasach i rith 2020 mar gheall ar thionchar COVID-19. Ainneoin cur isteach suntasach, bhí meán Innéacs ClarkSea na traschoda domhanda (ina bhfuil fianaise maidir le gluaiseachtaí ar mheánchostas/ar mheántuillimh cairte soithí sna príomhearnálacha "toirte" loingseoireachta) laghdaithe díreach -2% ar an meán i gcomhthéacs y-o-y in 2020, ainneoin éagsúlacht shuntasach agus castacht shuaiteanta in earnálacha aonair inar tugadh "cur isteach ar an taobh thuas" faoi deara ag pointe éigin i rith na bliana. Ba é an chéad leath de 2020 go háirithe an leath bliana is fearr de réir Innéacs ClarkSea le deich mbliana anuas, $16,373/lá ar an meán, ainneoin gur laghdaigh an meán sa dara leath den bhliain go dtí $13,304/lá. Tharla 'an t-ardú tobann' sa chéad leath mar gheall, den chuid is mó, ar éileamh ar úsáid tancaer 'umar snámha', de bhrí go raibh 'tréimhsí dianghlasála' a bhaineann le COVID-19 mar bhonn le carnadh tapa barrachas ola ar fud an domhain agus praghsanna ola a bheith arna dtabhairt anonn.





Fíor 4: Innéacsanna Costais/Tuillimh Cairte Soithí lasmuigh de AE[7]

Bhí na treochtaí a bhain le margadh loingseoireachta an AE mórán mar an gcéanna le treochtaí domhanda. Bhí innéacs tuillimh soithí Allmhairí lasmuigh de AE cothrom le $21,470/lá ar an meán i rith 2020, laghdú díreach -6% ar mheánfhigiúr 2019, ainneoin gur tugadh éagsúlacht shuntasach faoi deara i rith na bliana. Bhí buaicphointe innéacs tuillimh soithí Allmhairí lasmuigh de AE (ar bhonn míosúil) cothrom le $43,876/lá in Aibreán, agus cothrom le $28,439/lá ar an meán sa chéad leath de 2020, agus ag tacú leis seo bhí "an t-ardú tobann" i gcostais/tuillimh tancaer, sular tugadh laghdú faoi deara sa dara leath de 2020 tráth a raibh an meán cothrom le $14,506, laghdú -49% i gcomparáid leis an gcéad sé mhí den bhliain de bhrí gur laghdaigh margaí na dtancaer go tobann, ainneoin méaduithe suntasacha i gcostais/i dtuillimh le haghaidh long choimeádán agus iompróirí gáis níos déanaí sa bhliain.


Bhí meán an innéacs tuillimh soithí Onnmhairí lasmuigh de AE cothrom le $15,732, méadú 4% i gcomparáid le 2019, agus 18% níos airde ná meánleibhéal 2016-20, ainneoin tionchar COVID-19. Tugadh laghdú faoi deara sa dara leath de 2020, áfach, tráth a raibh innéacs costas/tuillimh cairte soithí Onnmhairí lasmuigh de AE 13% níos ísle, $14,615/lá ar an meán, i gcomparáid le $16,849/lá sa chéad leath den bhliain, ainneoin gur tugadh méaduithe suntasacha faoi deara i lasta coimeádáin agus gáis i dtreo dheireadh 2020.

7 Foinse: Clarksons Research




## 6. TIONCHAR COVID-19 AR BHRATACH & ÚINÉIREACHT BHALLSTÁT AE: TÁ NA TREOCHTAÍ FADTÉARMACHA AG LEANÚINT AR AGHAIDH

Ag deireadh 2020, bhí 9,177 soitheach i bhflít le bratach AE-28, a raibh 238m GT luaite leo, arb ionann é agus 17% den fhlít domhanda i dtéarmaí tonnáiste. Níor fhás flít le bratach AE-28 ach 0.1% i dtéarmaí GT in 2020, leibhéal fáis a bhí i bhfad níos ísle ná leibhéal fáis an fhlít dhomhanda a bhí cothrom le 3.0%. B'ionann é seo agus na treochtaí a tugadh faoi deara roimh phaindéim COVID-19 agus bhí an ráta fáis iolraithe bhliantúil (CAGR) cúig bliana de fhlít le bratach AE-28 cothrom le 1.9%, i gcomparáid le 3.4% don fhlít domhanda. Go ginearálta, tá ionadaíocht mhaith á déanamh ar fhlít le bratach AE-28 i rannóg an lasta róró (tá bratach ar 58% de thonnáiste róró dhomhanda i gceann de Bhallstáit an AE) agus earnálacha paisinéara (tá bratach ar 40% de thonnáiste cúrsála agus farantóireachta in AE-28), mar gheall ar shaintréithe geografacha agus na hoileáin ar fad idir Ballstáit an AE, ach fós is éard atá i gceist le 76% den fhlít iomlán i dtéarmaí tonnáiste tancaeir, bulcóirí agus longa coimeádán.





| Tréimhse tosaigh | Bratach na hEorpa % d'fhás | Domhanda % d'fhás |
|---|---|---|
| 2021/2020 | 0.1% | 3.0% |
| CAGR 2016-21 | 1.9% | 3.4% |
| CAGR 2011-21 | 2.3% | 4.1% |
| CAGR 2001-21 | 3.6% | 4.9% |

Fíor 5: Forbairt fhadtéarmach flít an fhlít le bratach Bhallstát an AE[8]

8 Foinse: Clarksons Research

In áiteanna eile, bhí an flít faoi úinéireacht úinéirí a bhí lonnaithe san AE cothrom le 15,355 soitheach nó 482m GT ag deireadh 2020, nó 33% den tonnáiste domhanda. Cosúil le flít le bratach AE-28, bhí fás i bhflít faoi úinéireacht AE-28 ag laghdú i gcoibhneas le fás domhanda, agus in 2020 níor fhás an flít ach 1.4% i gcoibhneas le fás 3.0% ag leibhéal domhanda. Tá éagsúlacht tugtha faoi deara, áfach, i bhfás flít i mBallstáit éagsúla, agus tugadh fás suntasach faoi deara i bhflít na Gréige le déanaí agus go stairiúil (an t-úinéir is mó), ach tugadh laghdú fadtéarmach faoi deara i bhflít na n-úinéirí Gearmánacha, an dara náisiún úinéireachta is mó san AE. Bhí leabhar orduithe AE-28 (líon iomlán orduithe soithí gan íoc) cothrom le 5.9% d'acmhainn an fhlít ag deireadh 2020 i gcomparáid le 8.5% ar fud an domhain.

Is eisceacht iad báid farantóireachta, ach go ginearálta úsáidtear flíteanna le bratach agus atá faoi úinéireacht AE-28 ar bhealaí trádála idirnáisiúnta agus, dá réir sin, ní mór dóibh déileáil le margaí idirnáisiúnta lasta agus cairte. Is léir ó anailís a rinneadh ar ghluaiseachtaí soithí i rith 2020, go raibh 87% de thonnáiste ar a raibh bratach Bhallstát an AE agus 92% de thonnáiste a bhí faoi úinéireacht Bhallstát an AE ag trádáil go hidirnáisiúnta, agus ní raibh mórán éagsúlachta le tabhairt faoi deara i bpatrúin úsáide roimh agus i ndiaidh COVID-19. Chomh fada is a bhaineann le gníomhaíocht cuairteanna ar chalafort, thaifead soithí le bratach/faoi úinéireacht AE-28 laghdú 13%/12% i gcuairteanna ar chalafort i rith 2020 i gcomparáid le 8% ar leibhéal domhanda, agus is fianaise í an difríocht ar an gcion níos mó de thonnáiste cúrsála agus farantóireachta san fhlít le bratach nó faoi úinéireacht AE-28.




| Tréimhse tosaigh | Bratach na hEorpa % d'fhás | Domhanda % d'fhás |
|---|---|---|
| 2021/2020 | 1.4% | 3.0% |
| CAGR 2016-21 | 2.2% | 3.4% |
| CAGR 2011-21 | 3.6% | 4.1% |
| CAGR 2001-21 | 5.1% | 4.9% |

Fíor 6: Forbairt fhadtéarmach flít an fhlít le bratach Bhallstát an AE[9].

Trí ghníomhaíocht a scrúdú ar bhonn an tsoithigh, is féidir scrúdú a dhéanamh freisin ar thionchar díreach COVID-19 ar shoithí atá ar ghalláin. Ag an mbuaicphointe, i rith na chéad ráige de thréimhsí dianghlasála náisiúnta, bhí 9% den fhlít le bratach AE-28 díomhaoin, i dtéarmaí tonnáiste, (Meitheamh 2020) i gcomparáid le díreach 3% ag tús 2020. Ar an gcuma chéanna, bhí 6.5% den fhlít faoi úinéireacht AE-28 díomhaoin ag deireadh Mheitheamh 2020, thart ar dhá oiread na leibhéal a bhí le tabhairt faoi deara ag tús na bliana.

9 Foinse: Clarksons Research. Nóta: RHS = ais ar thaobh na láimhe deise






## 7. TIONCHAR LONGTHÓGÁLA: BÉIM AN AE AR CHÚRSÁIL MAR BHONN LE CUR ISTEACH ÁBHARTHA

Ar leibhéal domhanda, bhí an phaindéim mar bhonn le bliain dhúshlánach inar laghdaigh líon na n-orduithe le haghaidh soithí nua breis is 30% (mar gheall i bpáirt ar éiginnteachtaí a bhain le teicneolaíocht "glas") ainneoin go raibh an t-aschur á bhainistiú ar bhealach réasúnta maith ag 85% de leibhéil 2019. Bhí tionchar suntasach, áfach, ag an bpaindéim ar longthógáil AE mar gheall ar an mbéim a bhí á leagan ar thógáil long chúrsála.


Bhí sciar margaidh dhomhanda chlóis an AE cothrom le 4.6% i dtéarmaí aschur tógálacha nua in 2020 de CGT (Olltonaí Cúitithe, tomhas de chineál oibre clóis), i gcomparáid le 5.7% in 2019. Bhain an laghdú ar ghníomhaíocht in 2020 i bpáirt le laghdú ar sheachadtaí soithí cúrsála, a laghdaigh 34% i dtéarmaí GT in 2020 (i gcomparáid le laghdú 15% ar leibhéal domhanda le haghaidh gach cineál long), agus laghdaigh orduithe nua le haghaidh longa cúrsála 98% i gcomparáid le 2019 (34% ar leibhéal domhanda). Roimh an bpaindéim, glacadh leis an tionscal cúrsála mar thionscal a raibh ag éirí thar barr leis san Eoraip, agus bhí >90% den sciar margaidh ag clóis AE. Bhí 94 long chúrsála (as 182 soitheach ar fad) ordaithe ó chlóis loinge san AE (an Iorua agus an Íoslainn san áireamh) ag deireadh 2020, agus bhí luach iomlán de thart ar $60bn luaite leis na tógálacha nua.




Fíor 7: Seachadtaí Bliantúla de réir Tír/Réigiún Forbróra[10]

10 Foinse: Clarksons Research

Bhí an ghníomhaíocht athchúrsála loinge réasúnta íseal in 2020 i gcomparáid le blianta beaga anuas. I ndiaidh scaipeadh phaindéim COVID-19, bhí roinnt breathnóirí loingseoireachta ag súil go mbeadh go leor long á ndíol chun críche athchúrsála i rith 2020. I dtéarmaí GT, áfach, in 2020 tugadh an dara toirt is lú athchúrsála long faoi deara ó thús na géarchéime airgeadais, agus d'fhéadfaí a rá nach raibh tionchar chomh damáisteach ag an bpaindéim ar mhargaí loingseoireachta agus a raibh súil leis ar dtús, agus srianta forleathana a bhain le COVID-19 a bheith ar ghníomhaíocht athchúrsála i gclóis. I gcomhthéacs gach earnáil ceannaí, díoladh 17.4m GT chun críche briste in 2020 (0.1m GT san AE). Lean suntas na 'hathchúrsála glaise' ag méadú i ndiaidh thabhairt isteach Rialachán an AE um Athchúrsáil Long (SRR) ag tús 2019. I rith 2020, tuairiscíodh gur díoladh 1.6m GT mar ábhar draimh d'athchúrsálaithe sa Tuirc, agus chinn roinnt úinéirí long cúrsála le bratach AE-28 agus long coimeádán athchúrsáil a dhéanamh ag 'clóis fhaofa' de réir SRR AE. Tá formhór na gníomhaíochta athchúrsála fós ag tarlú i bhfo-ilchríoch na hIndia, áfach, agus níl aon saoráid sa limistéar seo faofa ag an AE fós.




Fíor 8: Praghsanna Nuathógála Míosúla (Earnálacha Roghnaithe & Innéacs Clarksons)[11]

D'fhan gníomhaíocht deisiúcháin long réasúnta cobhsaí in 2020, ainneoin gur chuir COVID-19 isteach ar chúrsaí i R2. Tá sciar margaidh dhomhanda níos mó ag clóis AE (17% de ghníomhaíocht 2019-20) i ndáil le deisiúchán long i gcomparáid le nuathógáil (~5%). Cuireadh isteach ar thoirt oibre áirithe i gclóis AE in 2020 mar thoradh ar chur isteach / dúnadh clóis agus atreoruithe suirbhé speisialta i rith ráig COVID-19, agus tugadh na buaicleibhéil faoi deara i R2 2020 tráth ar laghdaigh an ghníomhaíocht thart ar 10%.

11 Foinse: Clarksons Research. Cuimsítear i bPraghasinnéacs Nuathógála Clarksons raon leathan praghsanna nuathógála sna hearnálacha seo a leanas - bulciompróir, tancaer, long choimeádán, iompróir gáis agus earnálacha eile lasta thirim, arna n-ualú de réir méid dwt. Eanáir 1988=100.






## 8. CÚRSÁIL & PAISINÉIR: TIONCHAR AR CHÚRSÁIL DHOMHAIN & STRUS AIRGEADAIS, TIONCHAR AR FHARANTÓIREACHT DHOMHAIN ACH TÉARNAMH MEASARTHA

Roimh ráig COVID-19, bhí margadh cúrsála an domhain ag fás go suntasach, bhí 30 milliún paisinéirí sa bhliain ag an margadh seo agus bhíothas ag cur leis an bhflít trí chlár tógála nua nach bhfacthas a leithéid riamh, agus ba i gclós long san Eoraip den chuid is mó a bhí an obair thógála á déanamh. Tá thart ar 25% den mhargadh cúrsála domhanda ag an Eoraip, le 7.5m paisinéir in 2019 suas ó 5 mhilliún deich mbliana roimhe sin. Á thomhas bunaithe ar chuairteanna ar chalafort, laghdaigh gníomhaíocht long chúrsála an AE thart ar 85% i rith 2020, agus os cionn 90% i R2 mar gheall go háirithe ar COVID-19 agus bhí breis is 90% den fhlít díomhaoin (suas ó 2% ag tús na bliana agus fós os cionn 88% faoi dheireadh 2020), agus bhí an poitéinseal téarnaimh an-teoranta go dtí seo. Tá bratach AE-28 ar thart ar 30% d'fhlít cúrsála an domhain (27% mura gcuirtear an Ríocht Aontaithe san áireamh) agus tá thart ar 18% faoi úinéireacht chuideachtaí AE (ag leibhéal náisiúntachta an mháthairghrúpa).


Bhí paindéim COVID-19 mar bhonn le cur isteach gan choinne ar an margadh farantóireachta domhanda, ainneoin nach raibh an leibhéal cur isteach chomh dona agus a bhí san earnáil chúrsála, agus tugadh comharthaí téarnaimh faoi deara níos túisce. Tá ró-ionadaíocht déanta ar úinéirí agus ar bhratacha AE-28, atá ag déileáil le thart ar 50% den tonnáiste farantóireachta ar fud an domhain. Laghdaíodh gníomhaíocht farantóireachta an AE 19% i rith 2020, ach tugadh an cur isteach is suntasaí faoi deara ag -36% y-o-y i R2 agus tugadh feabhas go dtí -10% faoi deara i R4.




Fíor 9: Acmhainn Chúrsála Díomhaoine mar Chéatadán den Fhlít[12]

12 Foinse: Clarksons Research.

Ba ar longa a iompraíonn paisinéirí (longa cúrsála, longa paisinéirí agus róró/paisinéir) a bhí an tionchar is suntasaí ag an bpaindéim. Léirítear sa tuarascáil gur thosaigh an líon daoine ar bord (PoB) long chúrsála ag laghdú de réir a chéile ón dara ráithe de 2020 ar aghaidh agus gur fhan an leibhéal an-íseal, rud a tharla mar gur fhan baill den chriú ar bord na soithí. Chuir mórlínéir chrúsála ar fud an domhain aistir ar fionraí fiú i lár mhí Mhárta de réir mar a d'fhorbair ráig an choróinvíris, agus chuir roinnt línéar tús le hoibríochaí i líon teoranta soithí agus limistéar.




Fíor 10: Cuairteanna ar Long Chúrsála Domhanda, 2019-2020, meán athraitheach 7 lá[13]

Deimhnítear sa turascáil seo gurb í an earnáil chúrsála, agus iompar paisinéirí go ginearálta, na hearnálacha a raibh an tionchar is suntasaí ag COVID-19 orthu. Bhí tionchar ag COVID-19 ar earnálacha eile freisin, ach go ginearálta, níor cuireadh stop le cúrsaí trádála. Ainneoin na ndeacrachtaí, lean oibríochtaí long tráchtála, calafoirt agus earnálacha iompair mhuirí eile ag feidhmiú, rud a chinntigh go raibh earraí ag gluaiseacht agus fianaise ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an earnáil mhuirí i saol ár saoránach.

## 9. CIGIREACHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHSHAOIL


Is léir ó ghníomhaíochtaí cigireachtaí Rialú Stáit ar Chalafoirt (RSC) atá déanta ag tíortha AE atá páirteach i Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus comhaltaí de Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo sa tréimhse idir 2016-2020 go raibh tionchar suntasach ag líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích sa dara ráithe de 2020. Tugadh faoi deara, áfach, sna cigireachtaí a rinneadh ar shoithí le bratacha AE-28 a rinneadh i rith na tríú agus na ceathrú ráithe go rabhthas beagnach tar éis filleadh ar na gnáthleibhéil. Ag an am céanna, is léir nár laghdaigh an líon coinneálacha i rith 2020, rud a bhí mar bhonn le cóimheas níos airde cigireachtaí a raibh coinneáil dá mbarr. D'fhéadfaí glacadh leis seo mar fhianaise ar líon níos mó sáraithe nó bearnaí braite i gcomhthéacs fhorálacha na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil loingseoireacht á rialú acu.

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil tarlú na gcigireachtaí a mbíonn coinneálacha mar thoradh orthu atá á gcur i gcrích ag Ballstáit an AE mar chuid de Mheabhrán Tuisceana Pháras réasúnta cobhsaí le 5 bliana anuas, ainneoin go bhfuil an treocht fadtéarmach a bhaineann le longa ar a bhfuil bratach AE-28 diúltach. Díol suntais é an méadú ar chóimheas na gcoinneálacha a tugadh faoi deara i rith 2020, nach bhfuil á léiriú ag longa ag a bhfuil bratach neamh-AE-28 tráth déanta na cigireachta. I rith na tréimhse is measa in 2020, áfach, bhí ag éirí níos fearr le longa ar a raibh bratach AE-28 fós ná a bhí le longa ar a raibh bratacha in áiteanna eile.

13 Foinse: Clarksons Research. Tá sonraí cuairteanna ar chalafort bunaithe ar shonraí gluaiseachtaí soithí. Cuimsítear i sonraí cuairteanna ar chalafort gach uair ar iontráil agus ar fhág soitheach suíomh sonraithe calafoirt, seachas uaireanta nuair nach dtaifeadtar soitheach mar shoitheach a thaistil ag níos lú ná 1 mhuirmhíle, agus roinnt uaireanta i ndiaidh a chéile ag an gcalafort céanna sa chás nár fhág an soitheach cruth maolánaithe mórthimpeall ar chalafort nó laistigh den lá céanna (in earnálacha soithí roghnaithe). Tá cuairteanna ar chalafort arna ndátú bunaithe ar dháta iontrála sa suíomh calafoirt.

Bunaithe ar an anailís seo, is léir go raibh tionchar tromchúiseach ag an bpaindéim ar na deiseanna a bhí ag údaráis mhuirí cigireachtaí Rialú Stáit ar Chalafoirt a dhéanamh i limistéar Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo. Díol spéise is ea go raibh tionchar ar thoirt na gcigireachtaí i rith na bliana seachas díreach sa dara ráithe de 2020, mar a tharla san AE.

Anuas air sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, contrártha don mhéid a tharla san AE, gur laghdaigh cigireachtaí a raibh coinneálacha long le bratach AE-28 orthu go suntasach i rith 2020. Ar an iomlán, tá tarlú na gcigireachtaí a mbíonn coinneáil dá mbarr réasúnta íseal i gcomparáid le figiúirí cosúla ó Bhallstáit Calafoirt AE (1.5% le haghaidh cigireachtaí Mheabhrán Comhthuisceana Thóiceo i gcomparáid le 3% le haghaidh cigireachtaí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras curtha i gcrích ag Stáit AE).




Fíor 11: Iniúchtaí agus coinneálacha Stáit Chalafoirt AE

Tá iarracht chigireachta Stáit Chalafoirt AE arna rialú ag 'cion cothrom' nó 'gealltanas bliantúil' atá sonraithe i dTreoir 2009/16 an AE maidir le Rialú Stáit ar Chalafoirt. Déantar an gealltanas a chomhaontú gach bliain, agus comhlíonann Stáit an cuspóir a shonraítear i rith na bliana. I rith an dara ráithe de 2020, d'fhorchuir go leor údarás sláinte náisiúnta toirmeasc ar fheidhmiú cigireachtaí, a bhí mar bhonn le laghdú suntasach ar an líon iomlán. I rith an tríú ráithe, maolaíodh cuid den toirmeasc, agus chuir roinnt Ballstát tús leis an obair chigireachta arís, agus cuireadh obair sa bhreis ar a raibh luaite sa ghealltanas comhaontaithe i gcrích fiú. Spreag sé seo iarracht mórán mar an gcéanna tríd is tríd, ach dáileadh difriúil cigireachtaí i measc Ballstát. Sa cheathrú ráithe cuireadh tús an athuair le cigireachtaí i ngach Ballstát, agus ba bheag nár sroicheadh leibhéal réamhphaindéime. Fós féin, tá tionchar suntasach na paindéime le brath, fiú ag deireadh 2020.




Tá faisnéis maidir le teastais reachtúla agus aicme atá eisithe ag na heagraíochtaí atá sainaitheanta de réir Rialachán 2009/391 (AE) maidir le rialacha agus caighdeáin choiteanna le haghaidh cigireacht loinge agus eagraíochtaí suirbhé, á stóráil i bhfeidhmchláir EMSA agus tá anailís déanta ar an bhfaisnéis. Is léir ó na sonraí go raibh teastais aicme nua á n-eisiúint ar bhonn cobhsaí in 2020, sa chás gurb ionann teastais aicme agus fianaise ar shuirbhéanna athnuachana (speisialta) a bheith á gcur i gcrích. D'fhéadfaí glacadh leis seo mar fhianaise nár chuir an phaindéim isteach an iomarca ar oibríochtaí. Sa ráithe dheireanach de 2020, tugadh laghdú faoi deara sa líon long ar eisíodh teastas aicme nua lena n-aghaidh. D'fhéadfaí é seo a mhíniú bunaithe ar thionchar níos suntasaí a bheith ag an bpaindéim ar fud an domhain nó de bhrí gur cuireadh an obair i gcrích níos túisce sa bhliain.

Chomh maith leis sin, d'fhéach EMSA ar staitistic maidir le taismigh agus teagmhais mhuirí a áiríodh laistigh de raon feidhme Threoir 2009/18/CE a tuairiscíodh do EMCIP idir 2016-2020. Is léir ó shonraí EMCIP gur tugadh laghdú faoi deara sna figiúrí foriomlána a bhain le timpistí agus teagmhais in 2020 i gcomparáid leis na meánsonraí a bhain leis an tréimhse 2016-2019. Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil an laghdú aonchineálach le haghaidh gach cineál loinge, mar gheall is dócha ar chineálacha difriúla seirbhíse, agus na hoibríochtaí a cuireadh i gcrích. Sa chomhthéacs seo, taifeadann soithí paisinéirí an laghdú is suntasaí sa líon timpistí, a d'fhéadfaí a mhíniú trí stad forleathan ar ghníomhaíocht soithí cúrsála. Tá an laghdú a bhain le soithí lasta níos suntasaí i rith R3 agus R4. Chláraigh soithí iascaireachta méadú suntasach sa líon timpistí i R3. Tá treochtaí measctha le tabhairt faoi deara sa chineál taismigh freisin; go ginearálta, laghdaigh an líon timpistí loingseoireachta i rith na tréimhse i gceist, agus mhéadaigh cineálacha eile taismeach i ráithí sonracha de 2020 (e.g. caillteanas smachta agus teagmhála i R1, dóiteán i R3 agus tuilte/trochlúchán i R4).






Cuireadh gníomhaíochtaí cigireachta sulfair san AE in 2018-2019 (meánlíon) agus 2020 i gcomparáid lena chéile. I rith mhíonna Eanáir agus Feabhra 2020, bhí líon na gcigireachtaí ag leibhéil a bhí inchomparáide le 2018 agus 2019. Ó Mhárta 2020, áfach, tugadh laghdú faoi deara sa líon iomlán cigireachtaí. I Márta 2020, go háirithe, ní dhearnadh ach 43% den líon cigireachtaí a rinneadh in 2018/2019. In Aibreán 2020, níor cuireadh ach 10% de na cigireachtaí i gcrích. Bhí fianaise ar théarnamh ar fáil, áfach, ó mhí Meithimh ar aghaidh, agus i mí Mheán Fómhair 2020, cuireadh 5% níos mó cigireachtaí i gcrích i gcomparáid le 2018-2019.



Chomh fada is a bhain leis an líon iomlán cigireachtaí sa réigiún farraige, tugadh an laghdú is mó faoi deara sa líon cigireachtaí (i gcomparáid le blianta roimhe sin) sa Mhuir Thuaidh, agus sa Mhuir Bhailt agus ag leibhéal níos ísle lasmuigh de na Limistéir Rialaithe Astaíochtaí Sulfair (SECA). Is léir ó thorthaí na hanailíse a rinneadh ar na samplaí breoslaí a tógadh i rith na gcigireachtaí sulfair, ainneoin go bhfuil méadú forchéimnitheach ar leibhéil chomhlíonta ó 2018, go raibh an méadú seo níos suntasaí in 2020. I ndáil le cineálacha loinge, tugadh laghduithe tábhachtacha faoi deara sa líon iomlán cigireachtaí a rinneadh in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ar longa paisinéirí (an chatagóir lena gcomhfhreagraíonn na staitisticí sulfair le cigireachtaí ar longa cúrsála den chuid is mó). Ina dhiaidh sin, tugadh laghduithe faoi deara sna lastlonga agus sna bulciompróirí ginearálta. Go contrártha, ní raibh an tionchar céanna ag COVID-19 ar longa coimeádán agus longa ropax.

14 Ardán Faisnéise Taismeach Muirí Eorpach



# MAIDIR LEIS AN NGNÍOMHAIREACHT EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ

Is ceann de ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais Eorpaigh é an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí. Is é misean na Gníomhaireachta, atá lonnaithe i Liospóin, leibhéal ard sábháilteachta muirí, slándála muirí, coisc agus freagartha ar thruailliú ó longa a áirithiú, agus freagairt don leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a tharlaíonn mar thoradh ar shuiteálacha ola agus gáis. Is é cuspóir foriomlán na Gníomhaireachta earnáil mhuirí atá slán, glan agus inmharthana ar bhonn eacnamaíoch a chur chun cinn san AE.



## Déan teagmháil linn má theastaíonn tuilleadh eolais uait

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí**
Praça Europa 4
Cais do Sodré
1249–206 Lisboa
An Phortaingéil

Teil +351 21 1209 200 / Facs +351 21 1209 210
emsa.europa.eu / Twitter@EMSA_Lisbon

© An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí 2021

**Grianghraif ó:** Epicstockmedia/Shutterstock.com; Olivier Lantzendorffer/iStock.com; newsfocus1/iStock.com; wissanu01/iStock.com; Sky_Blue/iStock.com; t-design/Shutterstock.com; Alex Stemmer/Shutterstock.com; Pavel L/Shutterstock.com; Nightman1965/Shutterstock.com; JuliusKielaitis/Shutterstock.com; jorisvo/Shutterstock.com; IndustryAndTrave/Shutterstock.com; Bildagentur Zoonar GmbH/Shutterstock.com; Andrey Armyagov/Shutterstock.com; Alex Marakhovets/Shutterstock.com; Igor Kardasov/Shutterstock.com; Wojciech Wrzesien/Shutterstock.com; Iam_Anupong/Shutterstock.com; triple v./Shutterstock.com; Alexander Schedrov/Shutterstock.com; Ievgen Postovyk /Shutterstock.com; Rasto SK/Shutterstock.com;narvikk/iStock.com.